FOIRM IARRATAIS

1ú DUAIS NÁISIÚNTA: €1000

2 Gradam Ard Mholta: **€500 an ceann**

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun urraíocht a dhéanamh ar chomórtas speisialta in 2017: Gradam Speisialta na mBailte Slachtmhara do Chosc ar Dhramhaíl – An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Gradam é seo chun aitheantas a thabhairt do phobail a ghníomhaíonn chun dramhaíl a chosc agus acmhainní a úsáid go héifeachtach. Ní ionann cosc ar dhramhaíl is athchúrsáil a dhéanamh; **dramhaíl a sheachaint ar fad atá i gceist.** Is féidir sin a dhéanamh ach níos lú ábhair a úsáid agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as ábhar.

Tá fáilte roimh gach grúpa pobail iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas.

SuperValu TidyTowns

Ainm an Ghrúpa Bailte Slachtmhara nó grúpa pobail eile: _____

GRADAM SPEISIALTA
na mBailte Slachtmhara i ndáil le Dramhaíl a Chosc
- An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil

Cé na gníomhaíochtaí 'cosc ar dhramhaíl' a mbeidh an EPA ag faire orthu sna hiontrálacha?

Aon tionscnamh a laghdóidh˙: dramhaíl, úsáid uisce, úsáid fuinnimh, nó úsáid ábhair.
D'fhéadfadh sé gur beart a bheadh anseo a dhéanfadh an pobal, líonta tí, gnólachtaí, scoileanna, nó i gcomhar le údarás áitiúil nó eagraíochtaí eile.
D'fhéadfadh sé gur tionscnamh ar leith a bheadh i gceist, gníomhaíochtaí le feasacht a ardú nó meascán de ghníomhaíochtaí éagsúla.
Tá fáilte roimh gach grúpa pobail iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas.

Cad atá i gceist?

Dramhaíl a laghdú; níos lú uisce, fuinnimh agus ábhair a úsáid;
Athúsáid, uaschúrsáil, deisiú, malartú, athchóiriú; beocht a chur i seanearraí.
Féach prevention.ie/tidy-towns chun smaointe a fháil.
Tá gach ní a bheidh de dhíth ort le fáil ar an láithreán gréasáin ach má bhíonn aon cheist fós agat seol ríomhphost a mbeidh "Gradam Cosc ar Dhramhaíl na mBailte Slachtmhara" chuig **info@epa. ie.**

D'fhéadfadh go mbeadh d'Oifigeach Feasachta Comhshaoil freisin ábalta cabhrú leat.

Gníomhaíochtaí nach nglacfar san áireamh:

Tá gníomhaíochtaí mar athchúrsáil dramhaíola, scagadh dramhaíola, bainc 'fág anseo', bailiú bruscair agus bainistiú ar shalachar madraí ar fad tábhachtach ó thaobh bainistiú dramhaíola ach ní áireofar iad don ghradam seo.

Moltóireacht don Ghradam:

Déanfaidh painéal moltóirí arna gceapadh ag an EPA measúnú ar an gach iontráil. Measfar gur iontrálacha ábhartha iontrálacha a chuireann réimse bearta cosc ar dhramhaíl i bhfeidhm agus a ardaíonn feasacht maidir le cosc ar dhramhaíl ar fud an phobail. Bheadh clár leanúnach tionscnamh níos fabhraí ná tionscadal aon-uaire.

Iarratas a dhéanamh:

Is féidir iarratas á dhéanamh: ar ríomhphost (an bealach is fearr) chuig info@epa.ie, le "Gradam Cosc ar Dhramhaíl na mBailte Slachtmhara" mar theidil, nó sa phost chuig An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) Ceanncheathrú, Bosca Poist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Contae Loch Garman.

An dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí: de réir an bpríomhchomórtas.

Téigh chuig localprevention.ie/tidy-towns chun barúil a fháil den méid atáimid a lorg agus chun samplaí a fheiceáil den méid atá ar bun ag pobail cheana féin.

FOIRM IARRATAIS

Ainm an Ghrúpa Bailte Slachtmhara nó grúpa pobail eile: _____

Ainm an Phríomhtheagmhálaí:_____

Ríomhphost:_____Uimhir Teileafóin: _____

Seoladh Poist:_____

_____

Seol freagra le do thoil:

- trí scríobh sa cháipéis seo (a bealach is fearr) (leagan PDF agus Word le fáil ó localprevention.ie/tidy-towns) agus é a chur aghaidh go leictreonach.
- I gcáipéis ar leithligh i Word nó i gcáipéis dá leithéid (ná téigh thar an uasteorainn focal le do thoil) agus seol ar aghaidh go leictreonach nó sa phost.
- An fhoirm seo a phriontáil, a líonadh amach le lámh agus í a sheoladh sa phost.

Beidh feidhm le Téarmaí agus Coinníollacha Chomórtas na mBaile Slachtmhara mar is cuí.
D'fhéadfadh go mbainfí leas as ábhar a chuirtear ar aghaidh chun an gradam a chur chun cinn.

GRADAM SPEISIALTA

na mBailte Slachtmhara i ndáil le Dramhaíl a Chosc

- An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil

Leag amach le do thoil mar atá an pobal ag cur tionscadail 'cosc ar dhramhaíl' i bhfeidhm agus ag cur cosc ar dhramhaíl chun cinn. Lean an leagan amach thíos agus ná bíodh níos mó ná **1000** focal ann:

- Déan liosta agus cur síos ar na tionscadail cosc ar dhramhaíl atá ar bun i do phobal nó ar na gníomhaíochtaí chun feasacht a ardú sa phobal.
- Tabhair le fios an méid a bhíonn rannpháirteach.
- Déan achoimre ar an méid atá bainte amach.
- Leag amach na buntáistí atá ann don phobal i gcoitinne.

Seol ar aghaidh freisin le do thoil líon beag grianghraf, i bhfoirm leictreonach is fearr i dteannta d'aighneacht ar an ríomhphost nó trí nasc chuig láithreán gréasán a chur ar fáil.

Cuir do fhreagra anseo:

Ar lean thall >>>>

EPA TIDY TOWNS

SPECIAL AWARD FOR WASTE PREVENTION